## Bliain na nArda

Tá daoine beo fós i gCois Ḟarraige a ċonaic fir oibre ag obair ar scilling sa ló. An gcreidfeaḋ an ġlúin óg é sin? Sa mbliain 1890 ṫugtaí bliain Bhalfour uirṫí agus cuid de na daoine ṫugaidís "Bliain na nArda" uirṫi. B'ṡin í an ḃliain ar gearraḋ na h-arda a ḃí i mbóṫar an rí sé sin an bóṫar mór a ḃí ó Ġailliṁ siar ṫrí Ċois Ḟarraige go Conamara.

Sén fáṫ go dtugtaí bliain Bhalfour ar an mbliain sin mar ba h-é Balfour Príoṁ-Rúnaí Éireann san am agus sé a ċeap an scéim sin le fóirṫint a ḋéanaṁ ar ḋaoine boċta. Ḃíoḋ daoine de ṁuintir na háite anonn is anall ceapaiṫe le maoirseaċt a ḋéanaṁ ar an obair agus ba saiġdiúir a ṫéiġeaḋ ṫart a leagan amaċ na n-oibreaċaí. Ṫéiġeaḋ an saiġdiúir ṫart ar ċapall. Is minic a hiráileaḋ sé capall ó ḋuine a ḃeaḋ sásta capall a leigean leis ar feaḋ lae. Uair nó faoi ḋó sa mbliain bḟéidir go ḃfeicfí Balfour ag dul ṫríd an tír i gcóiste capall agus fear ḋá ṫiomáint.

Go minic ní airgead a b'ḟáġaḋ na fir oibre aċ min ṗlúir nó min ċoirce nó min ḃuí mar íocaíoċt. Ḃíoḋ duine ceapaiṫe le ḋul ṫart ar na hoibreaċaí agus eisean a ṫugaḋ ticéid uaiḋ leis an min a ḟáil. Ḃíoḋ go leor fáḃar ḋá ḋéanaṁ do ḋaoine san am sin. An té a ḃeaḋ i ndon an maor nó an ceannasaí a ḃríbeáil is airgead a b'ḟáġaḋ sé mar íocaíoċt agus go minic b'íoctaí daoine a mbíoḋ fáḃar dóiḃ ar laeṫeantaí naċ mbíoḋ oibriṫe acu ċor ar biṫ. Ṫagaḋ cuid acu ar maidin agus ḃ'ḟreagróḋ siad a n-ainmneaċa agus ansin ḃ'éalóḋ siad leo i gceann posta éicint eile ag obair ḋóiḃ féin. Fiċe h-aon

scilling nó giní sa tseaċtain a ḃíoḋ mar ṗáiġ do ċarraera san am sin - sé sin capall is carr agus cinnire. D'ḟágaḋ an ċuid is mó de na carraeraí airgeaḋ mar íocaíoċt páiġe.

Is le linn Ḃalfour a rinneaḋ droiċid Ċonamara - droiċeaḋ Ċarraig a' Logáin agus na Tráċta. Roiṁe sin ḃíoḋ ar na daoine siúl ṫríd a' gclaḋaċ nuair a ḃíoḋ sé ina ṫrá agus an taoille amuiġ. Ḃíoḋ an ċontúirt ann go mbáiṫfí iad dá mbeireaḋ taoille ṫuille an raḃarta orṫu agus iad a ḃeiṫ ag déanaṁ aiṫġiorra tríd a gclaḋaċ. Is mar sin a ċaill fear a dtugtaí Mánus Mór air a ḃróig lá. Ċuaiḋ a ċois i ḃfastó idir ḋá ċloċ sa gclaḋaċ agus ḃí sé a cinnt air a ḃróig a ṫarraingt agus b'éigean dó í ḟágál ina ḋiaiḋ nó ḃeaḋ sé báite. Rinneaḋ aṁrán dó ḟéin agus den ḃróig:-

"Bróig agus leaṫ-stoca d'imṫiġ ó Ṁánus
Ag Carraig na dTráċta agus naċ ciotaċ ċaoi
Cuirigí scéala ag Mac Maolreiġ go hÁrainn
é ċur ins na páipéir ar fud na Seaċt Ríoċt."

Ansin i ḃéarsa eile ċuir an file an ḃróig i gcoṁórtas le soiṫeaċ cogaḋ nó "Man-o-War" nuair a d'imiġ an ḃróig amaċ le tonn agus d'ḟógair sí cogaḋ ar ċaḃlaċ an Rí:-

"Tá sloop a' Rí a' faire uirṫi ó ar maidin Dé Céadaoin
Nó gur casaḋ ar a ċéile iad ag trá Inis Saor,
Ní h-é coṁrac na gcailleaċ a ḃí acu le ċéile
Ó éirí na gréine nó go ndeaċa sí faoi.

Mar ḃí púdar ḋá loscaḋ acu mar ḃeaḋ sneaċta ḋá séideaḋ
Piléir a' pleascaḋ agus iad ag imeaċt le gaoṫ
Aċ séard dúirt Caiṫín Potter leis an soiteaċ a ḃí léiṫi
leinean di ḟéineaċt nó go maróḋ sí an saol."

B'é an tAṫair Ḃáitéar Ó Conḃaí a ḃí ina ṡagart paráiste ar an gCeaṫrúin Rua le linn Ḃalfour a ḃeiṫ ṫiar. Ċuir an tAṫair Ḃáitéar fios ar Ḃalfour ag a ṫeaċ ar a gCeaṫrúin Rua agus rinne fleaḋ agus féasta ḋó. Nuair a ḃí an sagart a roinnt na biotáilt air ċuir sé braon de poitín láidir tríd a ḃfuisce ḋó. Taiṫniġ an deoċ coṁ maiṫ sin le Balfour go raiḃ sé i ngiúmar coṁ mór agus gur ṡíneáil sé conraḋ go ndéanfaḋ sé droiċid Conamara ar ċoṁairle an Aṫair Ḃáiṫéar. Ní raḃas aige go raiḃ poitín tríd a ḃfuisce agus níor ṫuig sé aċ oiread céard a ḃí sé a ṡíneáil nuair a d'iarr an sagart air an páipéar a ṡíneáil.

Lá'r na ṁáireaċ nuair a ḃí sé a fágáil an Ċeaṫrúin Rua sea a ṁeaḃraiġ an tAṫair Ḃáitéar dó gan dearmad a ḋéanaṁ ar a ġealltanas. "Céard a ġeall mé?" adeir Balfour. "Tá sé anseo", adeir an sagart "agus t-ainm leis." Sin é an uair a ṫuig Balfour go raiḃ sé súgaċ aċ ṡíniġ sé an páipéar don tsagart mar ba ṁinic roiṁe sin a rinneaḋ iarraċt ar ḋroiċid a ḟáil déanta aċ ní raiḃ aon ṁaiṫ ann.

Tá lorries ṁóra inniú ag iompar ualaí troma de ċuile ċineál earraí treasna casáin na mbáid ṁóra agus na bpúcáin a ḃíoḋ ann roiṁe seo i gConamara. Dá mbeaḋ fáil ag an nglúin a ċuaiḋ romainn a ṫeaċt ar ais d'aḃróḋ siad gur rugaḋ iad ḟéin in antráṫ nuair d'ḟeicidís oibreaċaí an lae atá inniú ann.

Seán Ó Congaola